
Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

**1**

Oscail an aip X ar do ghuthán. Má bhraitheann tú go bhfuil ábhar i bpost ag briseadh an dlí, tapáil na trí phonc agus ansin buail **Tuairiscigh ábhar mídhleathach AE**.




**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar X a thuiscint ó Mheán Fómhair 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar X athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

2

A luaithe a bheidh sé tuairiscithe agat, beidh eolas ar an scáileán seo faoi thuairisciú AE.



Coimisiún na Meán


# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

X

3

Scrollaigh síos go bun an leathanaigh seo, agus feicfidh tú gur gá duit do sheoladh ríomhphoist agus d'ainm a thabhairt. D'fhéadfaí codanna a líonadh go huathoibríoch bunaithe ar an nasc atá á thuairisciú agat faoi láthair.

Iarrfar ort cúis a roghnú maidir le cén fáth a gceapann tú go bhféadfadh an t-ábhar a bheith mídhleathach. Nuair a bheidh tú críochnaithe, iarrfar ort a dheimhniú go gcreideann tú de mheon macánta go bhfuil an fhaisnéis agus na líomhaintí a chuirtear isteach cruinn agus iomlán. Tar éis duit é seo a dhearbhú, is féidir leat iad a chur isteach.



Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

X

4

Gheobhaidh tú ríomhphost uathoibrithe a d'fhéadfadh a bheith cosúil leis seo.

X

Hello,

Thank you for submitting a report under Digital Services Act. Our team is now investigating this matter. We appreciate your patience, cooperation, and will follow up as soon as possible.


Thanks,
X

Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

## 5

Gheobhaidh tú ríomhphost ansin a d'fhéadfadh a bheith cosúil leis seo, a deir go n-aontaíonn siad le do **thuairisc neamhdhleathachta** agus gur 'coinníodh siar' an t-ábhar i do thír féin, rud a chiallaíonn nár cheart an t-ábhar a bheith le feiceáil a thuilleadh i do thír féin.



X

Hello,

We have received your complaint regarding the following content from the account @

https://x.com/
status/
report key

In accordance with applicable law, X is now withholding the reported content in Ireland, specifically for the following legal grounds: Illegal or Harmful Speech.

For more information on how to appeal this decision, please see here for our internal appeals system.

For more information on our Country Withheld Content policy, please see this page: https://support.x.com/articles/20169222.

In addition, you may challenge the above decision in an out-of-court dispute settlement proceeding or by filing a lawsuit with a competent court.

Please note that the user who published the reported content may challenge the above decision by filing an appeal to X, in an out-of-court dispute settlement proceeding or by filing a lawsuit with a competent court.


Sincerely,
X

Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú i bpoist ar aip X

6

Nó b'fhéidir go bhfaighidh tú ríomhphost mar seo a deir nach n-aontaíonn siad leat agus nach mbainfidh siad an t-ábhar. Ba cheart go mbeadh roghanna sa ríomhphost seo freisin chun achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo.



Hello,

We have received your complaint regarding the account, for the following content:

report key:
We have investigated the reported content and have found that it is not subject to removal under the legal grounds of DSA Law in the EU.

For more information on how to appeal this decision, please see here for our internal appeals system.

For more information on how to appeal this decision, please see here for our internal appeals system. In addition, you may challenge the above decision in an out-of-court dispute settlement proceeding or by filing a lawsuit with a competent court.

Sincerely,
X

Coimisiún na Meán


# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bpoist ar aip X

**1**

Chomh maith leis an bhfoirm thuairiscithe um ábhar mídhleathach thuas, má tá tú logáilte isteach i gcuntas X, tá an rogha agat ábhar díobhálach a thuairisciú, má cheapann tú go bhfuil sé i gcoinne rialacha X.

**2**

Tapáil na **trí phonc** ar thaobh na láimhe deise ar bharr an phoist ar mhaith leat a thuairisciú. Nuair atá tú ann, is féidir leat ‘Postáil tuairisc’ a bhualadh.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bpoist ar aip X

## 3


Má tá an post á thuairisciú agat mar phost díobhálach, nó mar shárú difriúil ar a dtéarmaí agus coinníollacha, feicfidh tú an tábla seo. Soláthraíonn X cur síos gairid faoi gach ceann dá roghanna. Cliceáil ar an gcéad cheann eile ag deireadh na míre gairide seo.



# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bpoist ar aip X

4

Iarrfar ort tuilleadh sonraí a thabhairt faoin ábhar a roghnaigh tú.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bpoist ar aip X

5


Nuair a bhrúnn tú ar chur isteach agus nuair a sheolann tú do thuairisc, ba cheart go bhfaighfeá admháil atá cosúil leis an gceann a thaispeántar.



# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bpoist ar aip X

6

Laistigh de chúpla lá, ba cheart go bhfaighfeá ríomhphost a thabharfaidh nuashonrú duit ar do thuairisc, lena n-áirítear roghanna chun achomharc a dhéanamh ar a chinneadh



Coimisiún na Meán

# Naisc chuig acmhainní breise

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar X a thuiscint ó Mheán Fómhair 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar X athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

## Tacaíocht X

Chun tuilleadh tacaíochta a fháil ó X, tabhair cuairt ar **help.x.com/en/safety-and-security/report-a-post** nó **help.x.com/en/safety-and-security/report-abusive-behavior**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin méid is féidir/nach féidir a thuairisciú ar X, lena n-áirítear bealaí eile chun fógraí a thuairisciú, tabhair cuairt ar **help.x.com/en/resources/rules**

## Acmhainní Choimisiún na Meán

Le haghaidh tábla cabhrachdlíthe in Éirinn,tabhair cuairtar **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is-abhar-midhleathach-ann**

Féach ár dtreoracha agus ár n-acmhainní eile ag **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni**